Deontas do Chórais Chóireála Fuíolluisce Tí do thithe i Limistéir Ghníomhaíochta Tosaíochta

Foirm Iarratais DWWTS AfA (a) 2026

Comhairle Chontae na Mí

Teach Buvinda

Bóthar Átha Cliath

An Uaimh

Chontae na Mí

C15 Y291

046-9097000

environment@meathcoco.ie

Leagan (Meán Fomhair 2026)

FOIRM DWWTS AfA (a) 2026

FOIRM IARRATAIS

Oibreacha chun Córas Cóireála Fuíolluisce Tí (DWWTS) a fheabhsú, a dheisiú, a uasghrádú nó a athsholáthar i Limistéar Gníomhaíochta Tosaíochta, áit a bhfuil litir faighte ag duine ó Oifig Chlár Uisce an Údaráis Áitiúil (LAWPRO) ina ndeimhnítear incháilitheacht chun iarratas a dhéanamh ar dheontas.

- Léigh na nótaí eolais sula gcomhlánóidh tú an fhoirm iarratais.
- Ní mór gach ceist ar an bhfoirm a fhreagairt agus, i gcás ina sonraítear é, ní mór doiciméid tacaíochta a chur ar fáil. Ní dhéanfar próiseáil ar fhoirmeacha neamhiomlána nó ar fhoirmeacha nach bhfuil na doiciméid chuí ag gabháil leo.
- NÍOR cheart tús a chur le hobair sula n-eisíonn an t-údarás áitiúil faomhadh an iarratais deontais i scríbhinn. Ba cheart don údarás áitiúil a leithéid sin de chigireachtaí nó seiceálacha eile a dhéanamh a mheasann sé a bheith oiriúnach sula bhfaomhtar an t-iarratas. Níl oibreacha ar cuireadh tús leo sula bhfuarthas faomhadh i scríbhinn incháilithe chun cúnamh deontais a fháil.
- Nuair a bhíonn an t-iarratas faofa agus na hoibreacha curtha i gcrích, féadfaidh an t-údarás áitiúil cigireachtaí nó seiceálacha eile den chineál sin a dhéanamh, de réir mar a mheasann sé a bheith riachtanach, sula bhfaomhfar éileamh ar íocaíocht.
- Riarann údaráis áitiúla an scéim deontais. Ba cheart aon cheist a chur faoi bhráid an Oifigigh Idirchaidrimh Uisce Tuaithe san údarás áitiúil.
- Is féidir gach foirm atá le húsáid a fháil ón údarás áitiúil, a chabhróidh le daoine iad a líonadh más gá.
- Maidir le hiarratasóir a bhfuil deontais, fóirdheontais nó íocaíochtaí den chineál céanna á bhfáil acu ó Roinn Rialtais nó ó Údarás Poiblí, ar mó a luach iomlán ná €10,000 i rith na bliana, beidh Ríomhdheimhniú Imréitigh Cánach ag teastáil uait.
- Forchoimeádann an t-údarás áitiúil an ceart chun aon fhiosrú riachtanach a dhéanamh chun eolas a fhíorú nó chun críche soiléirithe i ndáil le doiciméid tacaíochta a cuireadh ar fáil le hiarratas deontais. Ní fhaomhfar deontas i gcás iarratais ina bhfuil faisnéis nó doiciméid atá bréagach nó míthreorach

1. Sonraí an Iarratasóra	
Ainm an iarratasóra (i mBLOCLITREACHA):	
Seoladh (suíomh na DWWTS):	

ÉIRCHÓD (riachtanach):	
Uimhir theileafóin i rith an lae:	
Seoladh ríomhphoist:	
Asphrionta imréiteach ríomhchánach:	Tá ☐ Níl ☐
Tagairt don litir ó LAWPRO:	
An bhfuil deontais faighte agat le 12 mhí anuas ó aon chomhlacht eile de chuid na hearnála poiblí? • méid: • dáta íoctha:	Tá ☐ Níl ☐ €
2. Seicliosta chun lochtanna a aithint	
(a) Ar baineadh sloda ón DWWTS le bliain anuas?	Tá ☐ Níor bhain ☐
(b) An ndéantar uisce dromchla/uisce díon a atreorú ar shiúl ón DWWTS?	Tá ☐ Ní dhearna ☐
(c) Cén cineál córais atá ann?	☐ Umar seipteach ☐ Tánaisteach ☐ Treasach
(d) An ndearnadh an córas a iniúchadh agus a chothabháil le 2 bhliain anuas?	Tá ☐ Níl ☐
(e) Cén cineál insíothlaithe atá ann?	☐ Poll súite ☐ Limistéar síothlaithe ☐ Limistéar síothlaithe ardaithe (Córas Túlain) ☐ Scagaire snasta ☐ Píopa chuig uisce dromchla ☐ Bogach/Giolcarnach ☐ Salach ☐ Eile (sonraigh ar bhileog ar leithligh)
(f) An bhfuil táscairí díobhálacha fásra (síothlú) sa limistéar insíothlaithe, amhail: • limistéir fhliucha/linnte, • féar méith, • tailte/raosanna garbha, etc.	Tá ☐ Níl ☐

3. Cur síos ginearálta agus costas na n-oibreacha a rinneadh, arna n-ullmhú ag duine inniúil (ní mór cóip den togra iomlán a cheangal freisin)

4. Íocaíochtaí roimhe seo

Ar íocadh aon deontas i leith an DWWTS seo le 7 mbliana anuas? Má tá, tabhair sonraí le do thoil: • méid: • dáta íoctha:	Tá ☐ Níl ☐ €

5. Sonraí an Chonraitheora/na gConraitheoirí (<u>ní mór</u> asphrionta Ríomh-Imréitigh Cánach a sholáthar do gach conraitheoir)

Conraitheoir 1	**Conraitheoir 2 (más infheidhme)**
Ainm an chonraitheora:	Ainm an chonraitheora:
Seoladh an chonraitheora: ÉIRCHÓD:	Seoladh an chonraitheora: ÉIRCHÓD:

6. Dearbhú

Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a thug mé ar an bhfoirm iarratais seo ceart agus tuigim go bhféadfaí an t-éileamh seo a chur ar ceal má thugtar aon fhaisnéis bhréagach nó mhíthreorach nó doiciméid tacaíochta neamhbhailí.

Síniú an iarratasóra: _____

Dáta: _____

SEICLIOSTA

Cinntigh go bhfuil na cáipéisí seo a leanas san áireamh le d'éileamh ar dheontas a íoc:

FOIRM DWWTS AfA (a) 2026

☐ Admhálacha miondealaithe maidir leis an obair go léir a dhéantar

☐ Saothair a mholadh lena n-áirítear

☐ asphrionta Ríomh-Imréitigh Cánach le haghaidh gach conraitheora atá fostaithe.

CUIR ISTEACH, LE DO THOIL, AN FHOIRM DWWTS PAA (a) AGUS Í COMHLÁNAITHE GO HIOMLÁN AGUS DOICIMÉID TACAÍOCHTA D'OIFIG ÚDARÁIS ÁITIÚIL.